AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Roinne Mhaigh Eo/ Ros Comáin/ an Longfoirt 2023

**"Keeping People Safe"**

"Ag Coinneáil Daoine Sábháilte"

## Brollach Oifigeach na Roinne

Léirítear i bPlean Póilíneachta Roinne 2023 do Roinn Mhaigh Eo/ Ros Comáin/ an Longfoirt feabhsú agus teacht chun cinn Seirbhís Póilíneachta nua-aimseartha a chuirtear ar fáil sna Contaetha seo. Léirítear é seo trí na gníomhaíochtaí, na forbairtí agus na deiseanna a dtugtar cuntas orthu i bPlean Póilíneachta Roinne 2023 Mhaigh Eo/ Ros Comáin/ an Longfoirt.

Treochlár agus bealach dúinn é Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2022-2024 chun ár spriocanna a bhaint amach agus an tseirbhís a sholáthraímid don phobal, a bhfuil bród orainn freastal orthu, a fheabhsú. Tá an Garda Síochána ar aistear athraithe atá bunaithe ar na moltaí a luaitear i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. Tá sé ar intinn againn cur leis seo. Cuireadh na cuspóirí náisiúnta a shainítear i Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána san áireamh inár bPlean Póilíneachta Roinne chun ailíniú an Chreata Pleanála a fheabhsú níos mó.

Leanann ár gcomhaltaí den Gharda Síochána lena chinntiú go ndíríonn siad go príomha ar infheictheacht níos mó, rannpháirtíocht an phobail, teagmhais choireachta a thabhairt chun críche go mear agus sármhaitheas a bhaint amach i soláthar seirbhíse. Bainfear amach na limistéir ar a ndíreofar agus na seirbhísí a sholáthrófar trí ghníomhaíochtaí póilíneachta a phleanáiltear go cúramach, a shainaithnítear trí Chúig Cholún agus Chúig Cumasóir, mar seo a leanas: An Pobal, Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach, Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha, Slándáil Stát na hÉireann, Athrú Inbhuanaithe, Daoine agus Cuspóir, Comhpháirtíochtaí, Rannpháirtíocht, Cumasú agus Iontaoibh, agus Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise.

Aithnítear go ndéanann an tiomantas agus na gníomhaíochtaí tréana a sholáthraíonn Grúpaí Pobail agus Deonacha ar leibhéal áitiúil lena chinntiú go mbaintear amach an sprioc choiteanna, timpeallacht shábháilte le maireachtáil inti, an tSeirbhís Póilíneachta i gcontaetha Mhaigh Eo/ Ros Comáin/ an Longfoirt a fheabhsú go mór. Léirítear i bPlean Póilíneachta 2023 an ceangal ríthábhachtach idir an Garda Síochána agus an Pobal.

Tá an Garda Síochána tiomanta go hiomlán dár n-oibleagáidí dualgais dhearfaigh seirbhíse poiblí faoi alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus rachaimid i ngleic leo freisin in 2023. Bainfimid é seo amach trí thionscnaimh a bhaineann lenár Straitéis Éagsúlachta agus Ionchuimsithe, ár mBeartas um Choireacht Fuatha agus ár nAcmhainneacht um Chearta Daonna a fhorbairt.

**Ray McMahon**
**Ard-Cheannfort**

## Conas teagmháil a dhéanamh le do Roinn – Glaoigh i gcónaí ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

| Ceannfoirt, agus Teagmhálaí Oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Guthán |
|---|---|---|---|
| Rannpháirtíocht sa Phobal i Maigh Eo Thuaidh<br><br>Guthán: 096 20560<br><br>Ríomhphost: MR.MayoNorth.CE@garda.ie | Béal an Átha | 24 uair an chloig | 096 20560 |
| | Muine Chonalláin | Dé Luain 1pm-2.30pm | 096 45002 |
| | Crois Mhaoilíona | Dé Céadaoin 1pm-2.30pm | 096 31371 |
| | Béal Easa | Dé Luain 3pm-4.30pm | 094 9256102 |
| | Cill Dalua | Dé Céadaoin 3pm-4.30pm | 096 32111 |
| | Béal an Mhuirthead | 24 uair an chloig | 097 81910 |
| | Baile Chruaich | Dé Céadaoin 1pm-3pm | 098 49132 |
| | Baingear Iorras | Dé Luain 1pm-3pm | 097 83462 |
| | Gleann na Muaidhe | 1pm-2pm*<br><br>9pm-10pm* | 097 87844 |
| | Béal Átha hAmhnais | Dé Luain agus Dé Céadaoin<br>7pm-8pm<br><br>Dé hAoine 10am-11am* | 094 9330008 |
| | Baile Chathail | An chéad Dé Máirt gach Mí 8pm-9pm* | 094 9254104 |
| | Cill Cheallaigh | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 094 9367002 |
| | Coillte Mach | An chéad Déardaoin gach Mí 5pm-6pm* | 094 9381222 |
| | Béal Átha na Muice | Dé Luain agus Déardaoin<br>10am-11am<br><br>Dé Máirt agus Déardaoin<br>7pm-8pm<br><br>Dé Sathairn 11am-1pm | 094 9252990 |
| | Clár Chlainne Mhuiris | 24 uair an chloig | 094 9372080 |
| | Baile an Daighin | Gach dara Céadaoin 2pm-3pm* | 094 9364219 |
| | Baile an Róba | Ó Luan go Satharn 8pm-10pm* | 094 9542830 |
| | Conga | An chéad Chéadaoin sa Mhí 11am-12pm* | 094 9546002 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Rannpháirtíocht sa Phobal i Maigh Eo Theas**<br><br>**Guthán: 094 9372080**<br><br>**Ríomhphost: MR.MayoSouth.CE@garda.ie** | **Cill Mhaighneann** | **An chéad Aoine gach Mí 11am-12pm*** | **093 33372** |
| | **Cnoc Mhuire** | **Gach dara Déardaoin 2pm-3pm*** | **094 9388102** |
| | **Sruthair** | **An chéad Luan gach Mí 11am-12pm*** | **093 31292** |
| | **Caisleán an Bharraigh** | **24 uair an chloig** | **094 9038200** |
| | **Balla** | **Luan 08:00 go 10:00***<br>**Déar 20:00 go 22:00**<br>**Sath 10:00 go 12:00**<br>**agus 17.00 go 19.00** | **094 9365002** |
| | **Partraí** | **Luan 08:00 go 10:00***<br>**Déar 20:00 go 22:00**<br>**Sath 10:00 go 12:00**<br>**agus 17.00 go 19.00** | **094 9543002** |
| | **Cathair na Mart** | **24 uair an chloig** | **094 9038200** |
| | **Gob an Choire** | **Déan teagmháil, le do thoil, le Stáisiún Gardaí Chathair na Mart chun teacht ar Uaireanta Oscailte** | **098 20830** |
| | **An Caol** | **Déan teagmháil, le do thoil, le Stáisiún Gardaí Chathair na Mart chun teacht ar Uaireanta Oscailte** | **098 43102** |
| | **Cluain Cearbán** | **Déan teagmháil, le do thoil, le Stáisiún Gardaí Chathair na Mart chun teacht ar Uaireanta Oscailte** | **098 66055** |
| | **Baile Uí Fhiacháin** | **Déan teagmháil, le do thoil, le Stáisiún Gardaí Chathair na Mart chun teacht ar Uaireanta Oscailte** | **098 41102** |
| | ***** = Faoi réir Acmhainní.**<br>**Foilseofar aon Dátaí agus Amanna Breise ar Chlár Fógraí ag na Stáisiúin agus i Nuachtlitreacha Pobail** | | |
| **Rannpháirtíocht sa Phobal, an Longfort**<br><br>**Guthán: 043 3350570**<br><br>**Ríomhphost: MR.Longford.CE@garda.ie** | **An Longfort** | **24 uair an chloig** | **043 3350570** |
| | **Baile Uí Mhatháin** | **Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá** | **0906432303** |
| | **Béal Átha Liag** | **Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá** | **043 3321102** |
| | **Caonach** | **Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá** | **043 3322102** |
| | **Gránard** | **24 uair an chloig** | **043 687660** |
| | **Meathas Troim** | **Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá** | **043 6671002** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Droim Lis | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 043 3324102 |
| | Sméar | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 043 6684102 |
| **Rannpháirtíocht sa Phobal, Ros Comáin**<br><br>**Guthán: 090 6638300**<br><br>**Ríomhphost: MR.Roscommon.CE@garda.ie** | Ros Comáin | 24 uair an chloig | 0906638300 |
| | Áth Liag | 10am-1pm ar Dhátaí áirithe; Is Éagsúil a bhíonn sé ó Sheachtain go Seachtain. | 090 6663312 |
| | Cluain Arc | 10am-12pm | 0906437102 |
| | Teach Mhic Conaill | Ó Luan go Céadaoin 2.30pm-4.30pm<br><br>Dé hAoine 9.30pm-11pm | 090 9683612 nó 090 6437102 |
| | An Caisleán Riabhach | 24 uair an chloig | 094 9621630 |
| | Bealach an Doirín | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 094 9860002 |
| | Baile an Locha | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 094 9640002 |
| | Mainistir na Búille | Ó Luan go Satharn 9am-1pm agus 7pm-10pm<br><br>Dé Domhnaigh: | 071 9664620 |
| | Ail Finn | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 071 9635002 |
| | Dún Gar | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 094 9870002 |
| | Céideadh | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 071 9647202 |
| | Rúscaigh | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 071 9638002 |
| | Béal na mBuillí | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 071 9633002 |
| | Tuilsce | Is éagsúil d'Uaireanta Oscailte gach Lá | 071 9639002 |
| **Limistéar Feidhme Coireachta**<br><br>**Guthán: 094 9621630**<br><br>**Ríomhphost: MR.Crime@garda.ie** | An Caisleán Riabhach | 24 uair an chloig | 094 9621630 |
| **Limistéar Feidhme um Póilíniú Bóithre**<br><br>**Guthán: 094 9252990** | Béal Átha na Muice | Dé Luain agus Déardaoin 10am-11am<br><br>Dé Máirt agus Déardaoin | 094 9252990 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ríomhphost: MR.RoadsPolicing@garda.ie** | | **7pm-8pm**<br><br>**Dé Sathairn 11am-1pm** | |
| **Limistéar Feidhme Dearbhaithe Feidhmíochta**<br><br>**Guthán: 090 6638320**<br><br>**Ríomhphost: MR.PAFA@garda.ie** | **Ros Comáin**<br><br>**(Tithe an Rialtais)** | **Luan go hAoine 9am-5pm** | **090 6638320** |
| Is féidir teacht ar **Oifigigh Éagsúlachta** don Roinn anseo ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána | | | |
| Is féidir teacht ar **Oifigigh Choiscthe Coireachta** don Roinn anseo ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána | | | |
| Is féidir teacht ar **Chigirí Imeaglaithe Bainteach le Drugaí** don Roinn anseo ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána | | | |

# 1. An Pobal

Leanúint le ceangail a neartú le pobail, ag oibriú i gcomhpháirtíocht le daoine a choimeád sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 1.1 Oibriú i gcomhar, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, agus réitigh inbhuanaithe ar bhuarthaí pobail á bhforbairt | Oibriú le pobail chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar chumarsáid oscailte. Tá Iompar Frithshóisialta a Chomhrac agus Ord Poiblí ar thús cadhnaíochta ár n-oibre, agus leanfaimid le tionscnaimh a thabhairt chun cinn lenár gcomhpháirtithe pobail lena chinntiú go ngníomhaítear i leith buarthaí poiblí. |
| 1.2 Seirbhís póilíneachta a sholáthar a aithníonn éagsúlacht na ndaoine ar a bhfreastalaímid | Tá pobal níos éagsúla á dhéanamh i gcónaí de Roinn Mhaigh Eo/ Ros Comáin/ an Longfoirt. Leanfaidh [pearsanra an Gharda Síochána le caidreamh a chothú le gach grúpa pobail, agus ag dul i ngleic lena riachtanais phóilíneachta. Tá mar chuspóir againn, trí oiliúint feasachta ar éagsúlacht agus rannpháirtíocht rialta ag Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána, caidreamh iontaoibhe agus muiníne a fhorbairt, sa mhullach ar na meáin shóisialta agus chraolta a úsáid. |
| 1.3 Oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile leis an díobháil a chomhrac a chruthaigh mangaireacht drugaí i bpobail | Gníomhóidh an tAonad Drugaí Roinne chun iad siúd a chosaint a bhfuil imeaglú á dhéanamh orthu ag mangairí drugaí a bhfuiltear eolach orthu agus iad siúd a thacaíonn le líonraí gáinneála ar dhrugaí inár bpobal a ionchúiseamh. Déanfaidh Roinn Mhaigh Eo/ Ros Comáin/ an Longfoirt idirchaidreamh le grúpaí pobail agus cuirfidh siad feasacht ar na tacaíochtaí atá ar fáil chun cinn dóibh siúd atá thíos le handúil. |

## 1. An Obair a dhéanaimid go Rialta leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Tacú le Daoine Leochaileacha agus Aosta | |
| Tionscnaimh Ard-Infheictheachta | |
| Comhoibriú Pobail i leith Iompar Frithshóisialta | |
| Tacú le Pobail Éagsúla | |
| Cláir Scoileanna | |
| Gníomhú i leith Gáinneáil ar Dhrugaí | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Pobail a Chosaint ó Imeaglú Bainteach le Drugaí | |
| Cuir i Láthair ag Cumainn Spóirt | |
| Cuir i Láthair ag Clubanna Óige | |
| Gradaim Óige | |
| Comhairle faoi Thacaíocht le hAndúil | |

# 2. COIREACHT A CHOMHRAC AGUS PÓILÍNEACHT CHOISCTHEACH


Súil a bheith le agus dul i ngleic go réamhghníomhach le coireacht, treochtaí coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn ina measc, agus úsáid á baint as Cur Chuige éifeachtach Póilíneachta faoi Stiúir Eolais

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 2.1 Freagairtí réamhghníomhacha faoi stiúir faisnéise a sholáthar i leith coireacht ardmhiniciíochta chun dul i ngleic le treochtaí reatha agus atá ag teacht chun cinn | Tá de chuspóir againn dul i ngleic le coireacht agus sábháilteacht a fheabhsú go réamhghníomhach, trí threochtaí coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus a chur as riocht trí fhreagairt faoi stiúir faisnéise don choireacht inár bPobal. |
| 2.2 Leanúint le feabhas a chur ar ár n-inniúlacht chun dul i ngleic le calaois agus coireanna cibearchumasaithe | Tá de chuspóir againn dul i ngleic leis an méadú ar choireacht bainteach le Calaois trí shainaonaid agus sainoiliúint bhreise sa limistéar seo. Tá de chuspóir againn comhairle ar chosc agus cleachtas imscrúdaithe a chur chun cinn i limistéar na Calaoise, chun go mbíonn eolas níos mó ann i measc phearsanra an Gharda Síochána agus an phobail sa Roinn. |
| 2.3 Cur isteach go réamhghníomhach ar Choireacht Eagraithe agus Tromchoireacht i gcomhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | Tá de chuspóir againn cur isteach go réamhghníomhach ar Choireacht Eagraithe agus ar Thromchoireacht trí threochtaí coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus a chur as riocht agus trí fhreagairt faoi stiúir faisnéise don choireacht inár bpobal. |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oibríochtaí Freagrúla agus Tráthúla a fhorbairt chun Coireacht Nua agus Coireacht Shéasúrach a chomhrac |  |
| Tabhairt faoi Ghníomhaíochtaí um Chosc na Coireachta |  |
| Tugtar faoi Phatróil sa Roinn |  |

| Príomhtháscaire |
|---|
| An Líon Buirgléireachtaí Áitiúla |
| Iompar Frithshóisialta/Ord Poiblí |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Cosc na Coireachta Trí Mhír ar an Raidió Áitiúil a Thugann Saincheisteanna Áitiúla chun Solais |  |
| Leanúint le feabhas a chur ar ár n-inniúlacht chun dul i ngleic le calaois agus coireanna cibearchumasaithe |  |

| Príomhtháscaire |
|---|
| An Líon Teagmhais Chalaoise agus Chibearchumasaithe sa Roinn |

## 3. Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochailigh a chur chun cinn agus a chosaint a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 3.1 A chinntiú go dtugtar an tSeirbhís agus na Tacaíochtaí cuí do gach Íospartach a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána agus díriú ar leith ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéasach agus Inscnebhunaithe | Tá de chuspóir againn an tacaíocht a thugtar d'íospartaigh Foréigin Teaghlaigh, Rialú Comhéigneach san áireamh, a fheabhsú trínár nAonad Seirbhísí Cosanta a thabhairt isteach agus trí Oibríocht Faoiseamh, atá ar bun faoi láthair, a chinntíonn go gcuirtear teagmháil agus idirghabháil shábháilte agus thráthúil ar fáil d'íospartaigh. |
| 3.2 Córas tomhais thorthaíbhunaithe a leabú do gach Saghas Coireachta, anuas ar thuairisciú caighdeánach staitistiúil a dhéanamh ar an gCoireacht | Rannpháirtíocht i measúnú níos grinne a thabhairt isteach go náisiúnta ar chúiseanna nach bhféadfaí ionchúiseamh a dhéanamh in Imscrúdú. Tacóidh sonraí le cleachtas imscrúdaithe níos fearr, soláthróidh siad tacaíocht agus eolas d'íospartaigh agus beartas sa phróiseas ceartais níos fairsinge. |
| 3.3 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta eile | Tá de chuspóir againn bóithre níos sábháilte a bheith ann, trí bhrath, oibríochtaí agus tionscnaimh oideachais bhreise a bheith ann óna n-eascróidh líon níos lú básanna agus gortuithe. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Monatóireacht Leanúnach ar Rátaí Teagmhála Iartheagmhais d'Íospartaigh | |
| Bileoga Eolais faoi Fhoréigean Teaghlaigh a Chruthú, a Dháileadh agus a Shíneadh | |
| A chinntiú go bhfuil Sonraí cothroma le dáta Teagmhála agus Láithreach ann do Dhaoine Leochaileacha | |
| Seicphointí Ilghníomhaireachta | |

**Príomhtháscaire**

Monatóireacht a dhéanamh ar Líon Príomhghníomhaíochtaí agus Brath Tarrthála

| Obair | Modh |
|---|---|
| Idirchaidreamh agus Tacaíocht d'Íospartaigh | |
| Feasacht an Phobail ar Rialú Comhéigneach a fheabhsú | |
| Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm sa Roinn | |

**Príomhtháscaire**

Monatóireacht a dhéanamh ar an Leibhéal Rátaí Teagmhála le hÍospartaigh na Coireachta

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus a dhaoine a chosaint ón Sceimhlitheoireacht agus Bagairtí ar a Shárleasanna.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 4.1 Leanúint den Phlean Forbartha Seirbhíse Slándála a chur i bhfeidhm a neartaíonn inniúlacht slándála agus faisnéise an Gharda Síochána | Tá de chuspóir againn rialachas agus oiliúint a bhaineann le slándáil agus faisnéis a fheabhsú, i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha, chun bagairtí ar an stát i Roinn Mhaigh Eo/ Ros Comáin/ an Longfoirt a bhainistiú. |
| 4.2 Ullmhacht d'éigeandálaí móra a chinntiú trí oiliúint, forbairt leanúnach feasachta sa Gharda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála | Leanfaimid lenár ngníomhaíochtaí Bainistithe Móréigeandála ar fud na Roinne le caidreamh láidir a chothú lenár gcomhpháirtithe slándála i Maigh Eo/ Ros Comáin/ an Longfort, le hullmhacht do theagmhais mhóra sábháilteachta agus oibríochtaí móra tarrthála a chinntiú. |
| 4.3 Tabhairt faoi oibríochtaí faoi stiúir faisnéise, oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta chun an sceimhlitheoireacht agus gníomhaireachtaí gníomhaithe doicheallacha a shainaithint agus a chur as riocht go réamhghníomhach | Tá de chuspóir againn leanúint ag tabhairt faoi oibríochtaí faoi stiúir faisnéise i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha chun leanúint de phobail a chosaint ó dhíobháil fhéideartha. |

## 5. Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe

Cultúr Feabhsaithe Leanúnaigh a spreagadh agus a chothú, Nuálaíocht agus Freagrúlacht d'Athrú a fheabhsú.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 5.1 An Cumas agus an Acmhainn Athraithe sa Gharda Síochána a fheabhsú tríd an bPlean um Fhorbairt Acmhainní Bainistíochta Athruithe a chur i bhfeidhm | Tá de chuspóir againn bheith réamhghníomhach chun dul i ngleic le saghsanna coireachta atá ag teacht chun cinn trínár modhanna póilíneachta. Tá ár dtorthaí á ndíriú againn ar athrú agus ar nuálaíocht trí thacú leis an bpearsanra atá bainteach i dtionscadail nuachóirithe a chur chun feidhme agus le scileanna a gnóthaíodh i rith cur i bhfeidhm a chothú. |
| 5.2 Teacht chun cinn i dtreo stát na todhchaí don Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint, lena mbuntacaíonn fís an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn | Táimid tiomanta dár gcomhoibriú éifeachtach le comhlachtaí pobail agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta a neartú, ár gcuspóirí a bhaint amach i dtaobh phrionsabail an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn a chur i bhfeidhm. |
| 5.3 Cur le cleachtais reatha inbhuanaithe sa Gharda Síochána trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil, atá ar aon dul le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais, a fhorbairt | Táimid tiomanta dár ngníomhaíochtaí a ailíniú leis an bPlean Náisiúnta um Inbhuanaitheacht Chomhshaoil, dramhaíl a laghdú agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh ar fud na roinne. |

## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Is mór don Gharda Síochána luachanna a bheith ina Eagraíocht atá Dírithe ar Dhaoine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E1.1 Ár nAcmhainn a fheabhsú Acmhainní Daonna, Oiliúint, tacaíochtaí Foghlama agus Forbartha cuí a sholáthar, a chuireann ar chumas ár bPearsanra an rath a bhaint amach ina Ról | Tá de chuspóir againn an Garda Síochána a chur chun cinn mar ghairm bheatha i measc grúpaí éagsúla, agus leanúint den oiliúint agus den tacaíocht chuí a sholáthar do phearsanra uile an Gharda Síochána lena chinntiú go mbaineann siad rath amach ina róil agus seirbhís don phobal i Maigh Eo/ Ros Comáin/ an Longfort a fheabhsú. |
| E1.2 Tacaíocht bhreise a thabhairt dár bPearsanra trí thionscnaimh Shláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm atá ar aon dul le Prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine | Leanfaimid ag tacú le pearsanra an Gharda Síochána ina róil trí mheabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn trí thionscnaimh áitiúla. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Comhoibritheacha a Chur i nGníomh agus a Inbhuanú chun ár nEolas, ár Seirbhís agus ár nÉifeachtacht a neartú go leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E2.1 Leanúint ag oibriú le Comhpháirtithe le feabhas a chur ar ár gCur Chuige Ildisciplíneach | Leanfaimid ag tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí áitiúla chun tacú le misean na heagraíochta, 'Ag Coinneáil Daoine Sábháilte inár bPobal'. |
| E2.2 Deiseanna a Fhiosrú agus a Fhorbairt do Chomhoibriú le Speisialtóirí, Ollscoileanna, Moil Taighde agus Ceannairí Smaointeoireachta Inmheánacha agus Seachtracha | Leanfaimid le hidirchaidreamh a dhéanamh le speisialtóirí agus institiúidí áitiúla chun teacht ar dhearcadh úrnua i leith cleachtais sa tsábháilteacht agus san eolas ar rialachas agus ceartas. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus idirchaidreamh soiléir dhá bhealach a fhorbairt trí Chainéil Nua agus Reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E3.1 Idirchaidreamh dhá bhealach a neartú le Comhpháirtithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Áitiúil, éisteacht le riachtanais ár bPobal agus iad a thuiscint. | Tá de chuspóir againn díriú ar riachtanais ár bpobail atá ag éirí níos éagsúla i gcónaí a thuiscint le seirbhís póilíneachta thrédhearcach agus fhreagrach a sholáthar. |
| E3.2 Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dóibh | Déanfaimid breithniú ar thoradh an Iniúchta Cultúir ag féachaint le ar aiseolas ónár bpearsanra ag féachaint le feabhas a chur ar chleachtas ionchuimsitheach agus tacúil laistigh den roinn, agus a chinntiú go dtacaítear le agus go gcumasaítear an pearsanra ina ról. |

## Cumasóir 4: Cumasú agus Iontaoibh

Cultúr cumasaithe agus iontaoibhe a chothú atá bunaithe ar ionracas agus ar Chearta Daonna a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E4.1 Iompar Gairmiúil i measc Phearsanra an Gharda Síochána a Chur chun Cinn agus a Neartú, a dhéanann Cultúr Cumasaithe agus Iontaoibhe a chothú. | Cinnteoimid go bhfuil cearta daonna agus Cód Eitice an Gharda Síochána i gcroílár na n-oibríochtaí agus na cinnteoireachta uile ag an bpearsanra i Maigh Eo/ Ros Comáin/ an Longfort. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochta an Gharda Síochána a thabhairt isteach. | Leanaimid ag tabhairt faoi nósanna imeachta feabhsaithe a chur chun feidhme agus i bhfeidhm ar aon dul le Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána. Cabhróidh próisis láraithe laistigh de na ranna, lena dtacaíonn teicneolaíocht nua-aimseartha, le cuntasacht a fheabhsú agus scaoilfidh siad le níos mó Chomhaltaí an Gharda Síochána ó dhualgais riaracháin agus méadóidh siad acmhainní túslíne. |

## Cumasóir 5: Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise

Seirbhís faoi Stiúir Faisnéise a shaothrú, trí úsáid a bhaint as Sonraí agus Teicneolaíocht le hÉifeachtúlachtaí, Éifeachtacht agus Cinnteoireacht a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E5.1 Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, fíorú ár bhFíse Sonraí agus Teicneolaíochta a chur chun cinn | Déanfaimid digitiú agus feidhmchláir chliste a thabhairt isteach, sa chás gur féidir, lena chur ar chumas an Gharda Síochána oibriú níos éifeachtaí, rialachas acmhainní a fheabhsú, agus an cumas chun pearsanra an Gharda Síochána a bhainistiú go cianda. |
| E5.2 Comhsheasmhacht ár Sonraí a fheabhsú tríd an bPróiseas Cáilíochta Sonraí a oibríochtú, a dhéantar a bhailíochtú trí Athbhreithniú Seachtrach | Leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht sonraí ar PULSE chun tacú le Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise. |

# Tacaíochtaí Breise a Aimsiú

| Saghas Tacaíochta | Ainm | Láithreán Gréasáin | Ríomhphost | Guthán |
|---|---|---|---|---|
| Comhlachtaí Rialtais | Comhchoiste Póilíneachta Mhaigh Eo | www.mayoppen.ie | mayoppn@mayococo.ie | 094 9064358 |
| | Comhairle Contae Mhaigh Eo | www.mayo.ie | info@mayo.ie | 094 9064000 |
| | An tSeirbhís Chúirteanna, Caisleán an Bharraigh | www.courts.ie | castlebarcourtoffice@courts.ie | 094 9043800 |
| | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | www.rsa.ie | | 096 25000 |
| | Na Coimisinéirí Ioncaim | www.revenue.ie | | 094 9034425 |
| | Comhairle Contae Ros Comáin | www.roscommon.ie | info@roscommoncoco.ie | 090 6637100 |
| | Comhairle Contae an Longfoirt | www.longford.ie | info@longfordcoco.ie | 043 3343300 |
| | An tSeirbhís Chúirteanna, Ros Comáin | www.courts.ie | roscommoncourtoffices@courts.ie | 090 6626174 |
| | An tSeirbhís Chúirteanna, an Longfort | www.courts.ie | longfordcourtoffices@courts.ie | 043 3346410 |
| | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Ros Comáin | www.rsa.ie | | 1890 406 052 |
| | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Longfort | www.rsa.ie | | 1890 406 040 |
| | Na Coimisinéirí Ioncaim, Ros Comáin | www.revenue.ie | | 090 6637250 |
| | Na Coimisinéirí Ioncaim, an Longfort | www.revenue.ie | | 043 3343400 |
| Comhlachtaí Pobail | Seirbhís Tacaíochta Teaghlaigh Phobalbhunaithe – Caisleán an Bharraigh | www.familysupport.ie | C.mcnally@mayofamilysupport.ie | 087 6060535 |
| | Ionad Oibrithe Deonacha - Caisleán an Bharraigh | www.volunteermayo.ie | info@volunteermayo.ie | 087 755899 |
| | Fondúireacht Western Alzheimers | www.westernalzheimer.ie/about-us/ | info@westernalzheimers.ie | 090 667816 |
| | Seirbhís don Ógra Ros Comáin | https://www.youth.ie/ | gary.nugent@foroige.ie | 086 0105547 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Club na Leon, Ros Comáin** | https://lionsclubs.ie/ | | **090 667816** |
| **Grúpaí Pobail** | **Tearmann agus Seirbhísí Tacaíochta Ban Mhaigh Eo** | www.mayowomenssupportservices.com | | |
| | **Cumann Tacaíochta Ailse Mhaigh Eo - Caisleán an Bharraigh** | www.mayocancer.ie | info@mayocancer.ie | **094 9038407** |
| | **Club Fo-Uisce Ghráinne Uaile** | www.gusac.ie | | |
| | **The Wheel - Cumann Náisiúnta na nEagraíochtaí Pobail agus Deonacha** | www.wheel.ie | info@wheel.ie | **01 4548727** |
| | **Clár Cúramóirí Óga Ros Comáin** | | frc@vitahouse.org Youngcarersproject.frc@vitahouse.org | **089 2388297** |
| | **Teach Vita** | www.vitahouse.org | info@vitahouse.org | **090 6625898** |
| **Grúpaí Meabhairshláinte** | **Cumann Meabhairshláinte Mhaigh Eo - Caisleán an Bharraigh** | www.mayomha.ie | jo@samaritans.org | **094 9038148** |
| | **Seirbhís Méala Féinmharaithe Mhaigh Eo** | www.familycentre.com www.curamclaremorris.com www.knock-shrine.ie/councelling | | **094 9025900**<br>**094 9362096**<br>**094 9375032** |
| | **Melting Pot** | | teammeltingpot061@gmail.com | **086 1304869** |
| | **Regari** | https://www.recoverycollegewest.ie/regari/ | regarirecoverycollege@gmail.com | |
| | **Cumann Meabhairshláinte Ros Comáin** | https://www.mentalhealthireland.ie/ | mentalhealthroscommon@gmail.com | **090 6643010** |
| | **Jigsaw Ros Comáin** | www.jigsaw.ie | roscommon@jigsaw.ie | **090 6630352** |
| | **CAMHS** | Leathanach Gréasáin FSS | camhs_ros@hse.ie | **090 6626200** |
| | **Seirbhís Meabhairshláinte do Dhaoine Fásta** | Leathanach Gréasáin FSS | | **086 1304869** |
| **Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh** | **Seirbhísí Cúnaimh do Mhná** | www.mwss.ie | mwss@eircom.net | **094 9025409**<br>**1800 341 900** |
| | **Tacaíocht d'Íospartaigh** | www.vicitmsupport.ie | info@vicitmsupport.ie | **01 8780870** |
| | **Líonra na mBan, Ros Comáin** | www.rwn.ie | nfahy@rwn.ie | **094 9621690** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Seirbhís an Gharda Síochána d'Íospartaigh** | | Roscommonlongford.victimservice@garda.ie | **090 6638389** |
| | **Éire Shábháilte** | www.safeireland.ie | | **071 9141515** |
| | **Nasc na mBan, an Longfort** | https://www.lwl.ie | info@lwl.ie | **043 3341511** |
| **Grúpaí Daoine Aosta** | **Aoisghníomhaíocht Éireann** | www.ageaction.ie | info@ageaction.ie | **01 4756989** |
| | **Alone** | www.alone.ie | hello@alone.ie | **0818 222 024** |
| | **Síciatracht Deireadh Saoil (POL)** | Leathanach Gréasáin FSS | | |
| | **Seirbhís Cuairte Cairdiúla** | http://www.rosleaderpartnership.ie/?pagid=roscommon-friendly-call-service | sandra@ridc.ie | **090 6630252** |
| | **Seandaoine Gníomhacha Éireann** | www.activeirl.ie | info@activeirl.ie | **01 8733836** |
| | **Alone** | https://alone.ie/ | hello@alone.ie | **01 6791032** |

# Aguisín: An Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (an PAS)

| Cuspóirí Straitéiseacha | Bearta |
|---|---|
| **An Pobal -**<br>Leanúint le **ceangail a neartú** le Pobail, **oibriú i gcomhpháirtíocht** le Daoine a Choimeád Sábháilte. | • Comhréir na bhfreagróirí a thugann le fios go bhfuil siad sásta le Seirbhís áitiúil an Gharda Síochána.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann nach ndéileálann an GS le rudaí lena mbaineann tábhacht sa phobal.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go gcaitheann Gardaí sa cheantar le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a thugann le fios go n-éisteann an Garda Síochána le buarthaí daoine áitiúla.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go gcaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal. |
| **Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach -**<br>**Súil a bheith le agus dul i ngleic go réamhghníomhach** le Coireacht, Treochtaí coireachta nua **agus atá ag Teacht chun Cinn** ina measc, agus úsáid á baint as Cur Chuige éifeachtach Póilíneachta faoi Stiúir Eolais | • Comhréir na bhfreagróirí a cheapann gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach an Choireacht go hÁitiúil.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a bhíonn buartha go bhféadfaí íospartach na Cibearchoireachta a dhéanamh díobh nó d'aon duine a chónaíonn leocomhréir.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a bhfuil eagla roimh an leibhéal Coireachta go ginearálta orthu.<br>• Comhréir na bhfreagróirí nach n-imríonn eagla roimh Choireacht tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha.<br>• Comhréir na bhfreagróirí atá feasach ar Phatróil an Gharda Síochána.<br>• Comhréir freagróirí a luaigh gurbh Íospartach an tsaghais chéanna Choireachta iad roinnt mhaith uaireanta le 12 mhí anuas.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar Chearta Daonna.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i dtaobh Coireacht a chomhrac.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gCeantar Áitiúil ceart go leor.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann gur féidir brath ar na Gardaí i mo Cheantar a bheith ann in am an ghátair. |
| **Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha -**<br>Díobháil a laghdú trí dhínit agus **Cearta Daonna Íospartach agus gach Duine Leochailigh a chur chun cinn agus a chosaint** a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána. | • Comhréir na níospartach atá sásta go leor nó an-sásta leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána a gCás.<br>• Comhréir na n-íospartach a thug an Choir ba dhéanaí a rinneadh orthu le fios.<br>• Comhréir an bhfreagróirí a luaigh gur fhreagair na Gardaí go tapa maidir lena dteagmhas is déanaí nuair a tugadh an teagmhas le fios an chéad uair.<br>• Comhréir an bhfreagróirí a luaigh go ndearna an Garda Síochána teagmháil leo tar éis gur tugadh an teagmhas is déanaí dá gcuid le fios. |
| **Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe -**<br>Cultúr **Feabhsaithe Leanúnaigh** a spreagadh agus a chothú, **Nuálaíocht** agus Freagrúlacht d'Athrú a fheabhsú | • Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána Nua-Aimseartha agus Céimnitheach. |
| **Cumasóirí -**<br>**1. Daoine agus Cuspóir**<br>**2. Comhpháirtíochtaí**<br>**3. Rannpháirtíocht**<br>**4. Cumasú agus Iontaoibh**<br>**5. Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise** | • Comhréir na bhfreagróirí a luann go ndéantar bainistiú maith ar an nGarda Síochána.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a chomhaontaíonn nó a chomhaontaíonn go tréan leis go ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na Pobail éagsúla ar a ndéanann sé freastal.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a thugann iontaoibh idir mheánach agus ard le fios as an nGarda Síochána. |

**Banc Deilbhíní**

| Ciall | Deilbhín |
|---|---|
|  | Cruinniú Fíorúil |
|  | Cruinniú i bPearsan |
|  | Ar an nGuthán |
|  | Ar Ríomhphost |
|  | Sa Phost |
|  | Ar an Raidió |
|  | Ar an Teilifís |
|  | Trí na Meáin Shóisialta |
|   | Feachtais Mheán |
|  | Oiliúint |
|  | Trí Chórais Chorparáideacha |
|  | Gardaí i bPearsan |
|  | Gardaí Gnáthéadaí |
|  | CCTV |
|  | Ar Chos |
|  | Ar Rothar |
|  | Le Gluaisteáin |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar Bhusanna |
|  | Ar Thraenacha |

094 9038211

www.garda.ie

MayoRoscommonLongford.DV@garda.ie